

Botún Litrithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi bhotún litrithe a chuir isteach ar an bpobal i gcoitinne. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo thíos?

- Glasnevin Trust
- memorial wall
- engraved
- exactly, accurately
- commemoration
- it encouraged
- teasing
- mocking
- foundation
- spokesperson
- precisely, correctly

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cad é an botún a rinne Iontaobhas Ghlas Naíon?
2. Cad a bhí le rá ag Maitiú Ó Coimín agus ag Síne Nic an Ailí faoin scéal?

Ceist 3 *Ceisteanna sa Ghaeilge*

1. Féach ar na ceisteanna coitianta seo thíos. Cén cheist a bhfuil an clásal coibhneasta **indíreach** inti?

*Conas atá tú?
Cad é mar atá tú?
Cén chaoi a bhfuil tú?*

2. Féach ar na focail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh.

cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fhad, cén uair, cad é mar, cén dóigh

Cad iad na cinn a leanann an clásal coibhneasta **díreach** iad agus cad iad na cinn a leanann an clásal coibhneasta **indíreach** iad? Cuir na focail sna boscaí cearta:

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

3. Cum ceisteanna **faoin tuairisc**, leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 2 anois; agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

- Cé a rinne an botún?
- Cad chuige a bhfuil muintir na tíre ar mire?
- Cén áit a bhfuil an balla cuimhneacháin?

Ceist 4 ‘...is suntasaí...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Líon na boscaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach aidiacht.

Aidiacht		
gleoite	níos _____	is _____
daor	níos _____	is _____
ciúin	níos _____	is _____
leisciúil / bródúil	níos _____	is _____
leithleach / tábhachtach	níos <i>leithlí, tábhachtaí</i>	is <i>leithlí, tábhachtaí</i>
deacair	níos _____	is _____
eolaíoch / imníoch	níos _____	is _____

3. Cad faoi na heisceachtaí seo?

beag, mór, maith, te, álainn, olc

Ceist 5 Bhí focail chomhchiallacha leis na focail seo thíos sa mhír, cad iad?

*dearmad
ag gearán
de bhrí
ag cleithmhagadh
falsacht*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. Cén tábhacht a bhaineann le comóradh Éirí Amach na Cásca atá ar siúl faoi láthair, dar leat?
2. Cad a cheapann tú féin faoin mbotún litrithe ar an mballa cuimhneacháin?
3. An bhfuil litriú na Gaeilge deacair, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint ar an mír babhta amháin.

- Glasnevin Trust – *Iontaobhas Ghlas Naíon*
- memorial wall – *balla cuimhneacháin*
- engraved – *greanta*
- exactly, accurately – *go beacht*
- commemoration – *comóradh*
- it encouraged – *Spreag sé*
- teasing – *ag spochadh as*
- mocking – *ag déanamh magaidh faoi / ag magadh faoi*
- foundation – *fondúireacht*
- spokesperson – *urlabhraí*
- precisely, correctly – *go cruinn*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

Ceist 3

1. 'Cén chaoi 'a bhfuil' tú?' Is é '**a bhfuil**' an leagan coibhneasta indíreach de **tá/atá**.

2.	Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach
	<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fhad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

3. Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic is a luaitear Iontaobhas Ghlas Naíon?

Cad a dúirt urlabhraí Iontaobhas Ghlas Naíon?

Cé a bhí ag gearán faoin mbotún litrithe?

Cathain a nochtadh an balla cuimhneacháin?

Conas atá daoine ag léiriú a míshástachta?

Céard a dúirt Maitiú Ó Coimín faoin scéal?

Cén fhad a mhair an mhír?

Cén uair a thiocfaidh réiteach ar an scéal?

Cad é mar a bhraitheann Conradh na Gaeilge faoin scéal?

Cad chuige a bhfuil fearg ar mhuintir na tíre?

Cén chaoi a gcuireann daoine a míshástacht in iúl ar líne?

Cén tslí a léiríonn an botún drochmheas ar an nGaeilge?

Cén fáth a bhfuil Bart Simpson luaite sa mhír?

Cén áit a bhfuil an balla cuimhneacháin?

Cén dóigh a gcuirfean an scéal ina cheart?

Ceist 4

1. Sárchéim na haidiachta (céimeanna comparáide na haidiachta) atá i gceist.

2.	Aidiacht		
	gleoite	níos <i>gleoite</i>	is <i>gleoite</i>
	daor	níos <i>daoire</i>	is <i>daoire</i>
	ciúin	níos <i>ciúine</i>	is <i>ciúine</i>
	leisciúil / bródúil	níos <i>leisciúla, bródúla</i>	is <i>leisciúla, bródúla</i>
	leithleach / tábhachtach	níos <i>leithlí, tábhachtaí</i>	is <i>leithlí, tábhachtaí</i>
	deacair	níos <i>deacra</i>	is <i>deacra</i>
	eolaíoch /imníoch	níos <i>eolaíche, imníche</i>	is <i>eolaíche, imníche</i>

3. *beag – níos lú, is lú.*
mór – níos mó, is mó.
maith – níos fearr, is fearr.
te – níos teo, is teo.
álainn – níos áille, is áille.
olc – níos measa, is measa.

Ceist 5

dearmad – botún, earráid
ag gearán – ag tabhairt amach
de bhrí – toisc
ag cleithmhagadh – ag spochadh as
falsacht – leisciúlacht

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé ráite ag Iontaobhas Ghlas Naíon i mBaile Átha Cliath go dtuigeann siad go bhfuil botún sa litriú Gaeilge ar an mballa cuimhneacháin a nochtadh¹ inné. Dúirt urlabhraí go gceartófaí é ach níl a fhios fós cén uair a dhéanfar sin.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá ceithre chéad ochtó a hocht ainm greanta sa mballa² anseo agus os a gcionn tá foclaíocht i mBéarla agus i nGaeilge, ag inseacht³ gur bhásaigh⁴ na daoine seo ar fad le linn Éirí Amach na Cásca 1916. Ach, ní 'Éirí' atá litrithe anseo ach focal iomlán eile, mar gheall ar an áit ar cuireadh na síntí⁵ fada. Nuair a tugadh an botún faoi, deara léirigh daoine a míshástacht ar líne.

Maitiú Ó Coimín, tuairisc.ie

Ní bheadh a fhios againn go beacht cé mhéad duine⁶ atá ag caint faoi seo ach tá go leor acu ann. Agus, is dóigh liom, an rud is suntasaí faoi ná go bhfuil an pobal Béarla ag tabhairt amach faoi freisin. Agus ní tharlaíonn sé sin chomh minic sin ar *Twitter*. Nuair a bhíonn lucht labhartha na Gaeilge ag tabhairt amach faoi bhotúin ghramadaí agus faoi bhotúin litrithe ní bhíonn... is cuma le pobal an Bhéarla faoi sin den chuid is mó. Ach, toisc go bhfuil sé chomh feiceálach sin agus go bhfuil an balla seo chomh tábhachtach sin do chomóradh 1916, tá an pobal Béarla ag tabhairt amach faoi freisin. Ach spreag sé greann freisin agus bhí daoine ag spochadh as agus ag déanamh magaidh faoi agus bhí cúpla méim ag dul timpeall ar *Twitter* freisin. Ceann amháin a sheasann amach domsa ná Bart Simpson ag scríobh 'Éirí Amach' céad uair ar an gclár dubh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Dúirt Conradh na Gaeilge gur léirigh sé leisciúlacht i dtreo na Gaeilge.

Síne Nic an Ailí, Conradh na Gaeilge

Níl Conradh na Gaeilge sásta go bhfuil earráid chomh bunúsach leis seo i rud éigint⁷ cosúil le hÉirí Amach 1916, go háirithe nuair a chuimhníonn tú cé chomh tábhachtach is a bhí an teanga i bhfís na gceannairí i 1916. Ach, deirtear linn go bhfuil fondúireacht Ghlas Naíon chun an earráid a chur ina ceart chomh luath agus is féidir agus is ábhar dóchais dúinn é sin, is dócha.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Dúirt urlabhraí a labhair ar son Iontaobhas Ghlas Naíon gur thuig siad go raibh botún sa litriú nó, mar a chuir siad é, gur cuireadh an síneadh fada as áit. Tá sé i gceist acu é a cheartú ar an bpointe, a dúirt siad, ach níl a fhios fós cén uair a bheas Éirí Amach na Cásca scríofa go cruinn ar an mballa seo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

¹ *nochtáíodh* a deirtear

² Córas Chonnacht

³ *ag insint* an leagan caighdeánach

⁴ *bhás* a deirtear

⁵ *síní* a deirtear

⁶ *daoine* a deirtear

⁷ *éigin* an leagan caighdeánach